Coimisiún na Meán

# Ráiteas Straitéise 2025 – 2027

## Achoimre Fheidhmeach

# Réamhrá

## Cé muid féin

Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht d'fhorbairt agus do chraoltóireacht na meán agus do shábháilteacht ar líne in Éirinn. Bunaíodh ár n-eagraíocht in 2023 faoi leasuithe ar an Acht Craolacháin, 2009 a rinneadh leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022.

Tagann Coimisiún na Meán in ionad Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus tá ról agus feidhmeanna BAI glactha aige ó mhí an Mhárta 2023.

Tá ríméad orainn anois ár gcéad Ráiteas Straitéise don tréimhse 2025 go 2027 a fhoilsiú. Tugann an Achoimre Fheidhmeach seo forléargas ar na príomhghnéithe sa Ráiteas Straitéise.

## An méid a chumhdaítear inár Ráiteas Straitéise

Chomh maith le Coimisiún na Meán a chur i láthair, tugann ár Ráiteas Straitéise forléargas ar na nithe seo a leanas:

- an tírdhreach meán ina n-oibrímid,
- an réimse daoine agus comhlachtaí a rialaímid agus a dtacaímid leo, agus
- ár gcur chuige.

Leagtar amach ann freisin an fhís atá againn do thírdhreach meán na hÉireann agus ár misean — is é sin, an méid a dhéanaimid agus an fáth a ndéanaimid é. Déantar achoimre ar na gnéithe sin thíos, mar aon leis na sé thoradh straitéiseacha a ndíreoimid orthu chun ár bhfís a bhaint amach. Is féidir leat ár Ráiteas Straitéise iomlán a léamh ar ár suíomh gréasáin, www.cnam.ie.

## An méid a chumhdaítear le ‘tírdhreach na meán’

Tagraíonn tírdhreach na meán don timpeallacht ollchumarsáide a bhíonn ag síorathrú. Cuimsíonn sé ardáin éagsúla amhail:

- teilifís,
- raidió, agus
- seirbhísí meán digiteach.

Tá uirlisí agus teicneolaíochtaí nua i dtírdhreach na meán sa lá atá inniu ann – mar shampla, uirlisí eagarthóireachta íomhánna, físeán agus intleacht shaorga (IS). Tá na huirlisí seo ar fáil do gach duine, agus mar thoradh air sin tá ábhar ann a léirítear ag réimse leathan rannpháirtithe a bhfuil leibhéil éagsúla scileanna, tuairimí éagsúla agus caighdeáin éagsúla acu. Dá réir sin, bíonn éagsúlacht mhéadaithe ábhair mar thoradh air seo a d’fhéadfadh a bheith oideachasúil, faisnéiseach agus siamsúil, ach, ar an lámh eile, bíonn ábhar ann arbh fhéidir nach mbeadh sé dleathach, iontaofa nó sábháilte i gcónaí.

Bímid ag díriú ar thírdhreach iomlán na meán. Áirítear leis seo an t-ábhar a léirítear agus a ídítear, na daoine a léiríonn agus a ídíonn é agus na bealaí ina bhfuil ábhar ar fáil.

## Na daoine agus na comhlachtaí a rialaímid agus a dtacaímid leo

Rialaímid craoltóirí (amhail RTÉ, TG4 agus Virgin Media Television) agus soláthraithe físeáin ar éileamh (amhail Apple TV agus Discovery +). Rialaímid Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha (ISPanna) atá lonnaithe in Éirinn freisin. Áirítear orthu sin, mar shampla, ISPanna a aicmítear mar ‘Ardáin an-Mhór ar Líne’ nó ‘Innill Chuardaigh an-Mhór ar Líne’ amhail TikTok, Facebook, Instagram, X, Google, Pinterest. Rialaímid ISPanna a bhfuil níos lú ná 45 milliún úsáideoir acu freisin.

Tacaímid le hábhar ardchaighdeáin, inrochtana agus cuimsitheach a fhorbairt do lucht féachana/éisteachta a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann. Tacaímid leis an bpobal, mar chruthaitheoirí ábhair agus mar thomhaltóirí ábhair, dul i dteagmháil le tírdhreach na meán, agus iad a chosaint ar dhíobháil ag an am céanna.

# Ár bhfís, misean agus luachanna

## Fís

"Is í an fhís atá againn go mbeidh tírdhreach na meán faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa."

## Misean

"Tá sé mar aidhm againn tírdhreach meán atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus ilchultúrtha a rialáil, a fhorbairt agus tacú leis."

## Luachanna

Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise freisin na luachanna a chinneann ár gcultúr agus ár n-iompraíochtaí ó lá go lá. Tá ár luachanna san áireamh anseo, agus tá tuilleadh mionsonraí faoi na ráitis luacha agus na hiompraíochtaí gaolmhara sa Ráiteas Straitéise iomlán.

- Muinín
- Tionchar
- Misneach
- Neamhspleáchas
- Béim ar Dhaoine
- Ionracas

# Torthaí straitéiseacha

Tá sé thoradh straitéiseacha againn a n-oibreoimid ina dtreo le linn shaolré an phlean seo. Tá achoimre orthu sin thíos

Is mian linn tírdhreach meán a bheith ann:

### Leanaí

a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí, agus a chinntíonn a rannpháirtíocht shábháilte le hábhar;

### Daonlathas

a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, a spreagann díospóireacht phoiblí, agus a laghdaíonn thionchar na bréagnuachta;

### Muinín

ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina gcosnaítear iad ar dhúshaothrú agus ar chalaois;

### Cultúr na hÉireann agus na meáin

atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí;

### Éagsúlacht agus cuimsiú

a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais agus na héagsúlachta a chun cinn;

### Sábháilteacht phoiblí

a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht phoiblí.

Tuigimid nach féidir linn na torthaí sin a bhaint amach linn féin. Beidh orainn oibriú le comhrialtóirí chun tionchar a bheith againn ar rannpháirtithe i dtírdhreach na meán sa chaoi go ndéanfaí athrú. I measc na rialtóirí a mbímid ag obair leo in Éirinn tá:

- an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí,
- an Coimisiún um Chosaint Sonraí, agus
- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide.

Oibreoimid freisin leis an gCoimisiún Eorpach agus le rialtóirí i dtíortha eile.

Nílimid ag súil go mbainfear na torthaí seo amach ina n-iomláine le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo, ach tá sé mar aidhm againn go ndéanfar dul chun cinn substaintiúil ina leith.



# Ár gcur chuige i leith na hoibre

Leagtar amach thíos againn an chaoi a n-oibreoimid chun ár bhfís a fhíorú agus chun cur lenár dtorthaí straitéiseacha. Labhraímid faoi uirlisí a úsáidfimid chun iad sin a bhaint amach ('uirlisí seachadta'). Leagtar amach ansin againn na tacaíochtaí is gá dúinn a chur i bhfeidhm mar eagraíocht chun go dtarlóidh sé sin.

Tá sé uirlis seachadta againn. Leagtar amach iontu an chaoi a n-oibreoimid chun tacú lenár dtorthaí straitéiseacha a bhaint amach. Cuirimid bearta samplacha a dhéanfaimid san áireamh freisin (féach míreanna liosta pointí urchair). Chun na sonraí ar fad a fháil, léigh an Ráiteas Straitéise iomlán ar ár suíomh gréasáin, www.cnam.ie.

## Eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais

Trí úsáid a bhaint as ár gcumhachtaí rialála, cinnteoimid go gcomhlíonfaidh eintitis rialáilte a n-oibleagáidí rialála

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Cóid chleachtais agus rialacha a athbhreithniú;
- Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh;
- Gearáin a láimhseáil, imscrúdú a dhéanamh agus gníomh forfheidhmithe a dhéanamh más gá; agus
- Tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'eintitis rialáilte.

## Ról ceannasach a imirt sa chreat rialála Eorpach

Beidh ról ceannasach againn ar fud an AE mar rialtóir láidir, misniúil, neamhspleách atá dírithe ar ghníomhaíocht.

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Páirt a ghlacadh ar leibhéal an AE chun reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorbairt; agus
- Ról ceannasach a imirt i líonraí rialála na hEorpa.

## An pobal a chumhachtú agus ag tacú leo

Trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin, múscailte feasachta agus oideachais, tacóimid le litearthacht fheabhsaithe sna meáin. Tabharfaimid cumhacht do dhaoine roghanna eolasacha a dhéanamh sna meáin.

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Tionscnaimh litearthachta sna meáin a mhaoiniú agus a chur chun cinn;
- Comhairle agus treoir a thabhairt d'úsáideoirí maidir le conas déileáil le hábhar díobhálach nó mídhleathach;
- Sásraí a chur i bhfeidhm chun cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach nó fhorleathan; agus
- Breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi sháruithe líomhnaithe ag comhlachtaí rialáilte ar a n-oibleagáidí.

## Ag tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt

Leagfaimid amach fís do thodhchaí earnáil meán na hÉireann, agus an tacaíocht a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh sí ina guth láidir, inbhuanaithe agus neamhspleách i gcónaí i sochaí na hÉireann agus ar a son á soláthar againn.

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Dul i gcomhairle go forleathan chun dearcadh a fhorbairt maidir leis an ról a bheidh ag na meáin seirbhíse poiblí amach anseo agus ag earnáil na meán i gcoitinne amhail craoltóireacht tráchtála agus phobail agus seirbhísí Ar Éileamh;
- Ár ról maoirseachta a úsáid chun a chinntiú go bhfuil méadracht, spriocanna agus maoiniú cuí i bhfeidhm ag na meáin seirbhíse poiblí chun freastal ar riachtanais athraitheacha;
- Trédhearcacht agus éagsúlacht in úinéireacht na meán a chur chun cinn agus ár gcumhachtaí ceadúnúcháin a úsáid chun leas an phobail a chosaint;
- Tionscnaimh agus scéimeanna nua a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a spreagann soláthar ábhair ardchaighdeáin sna meáin i mBéarla agus i nGaeilge; agus
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirfear ár straitéis maidir le hInscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (GEDI) chun feidhme.

## Comhar agus comhoibriú le haghaidh tionchair

Oibreoidh an Coimisiún le raon páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tríothu chun a chinntiú go dtacaíonn ár gcomhiarrachtaí le spriocthorthaí an Choimisiúin a bhaint amach agus go bhfeabhsaítear baint amach na spriothorthaí sin leo.

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Oibriú le rialtóirí agus le comhlachtaí reachtúla eile in Éirinn agus ar fud an AE chun a chinntiú go ndéanfar gníomh go cuí agus go tráthúil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar údar imní iad;
- Líonra comhlachtaí agus daoine grinnfhiosraithe a fhorbairt agus a chur chun cinn chun cur le torthaí na straitéise seo;
- Fanacht ar an eolas agus deiseanna a aithint dúinn chun oibriú le comhpháirtithe (amhail comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí); agus
- Oibriú trí fhóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta chun soiléireacht agus comhleanúnachas a chinntiú ar fud an chórais.

## Taighde agus béim amach anseo

Déanfaimid monatóireacht ar theicneolaíocht, ar ábhar agus ar fhorbairtí eile ar fud thírdhreach na meán agus cuirfimid taighde agus léargas ar fáil don phobal agus do lucht déanta beartas chun tacú le cinnteoireacht fheasach.

Déanfaimid na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Taighde agus anailís a stiúradh agus a choimisiúnú chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar phríomh-shaincheisteanna agus chun bonn eolais a chur faoinár mbeartais agus faoinár bhforbairt;
- Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí beartais, taighde agus teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an intleacht shaorga, chun bonn eolais a chur faoinár gcur chuige; agus
- Tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun taighde a dhéanamh i gcomhpháirt agus chun taighde, smaointe agus réitigh a roinnt.

# Conas a reáchtálaimid ár n-eagraíocht



Ní mór dúinn a chinntiú go n-oibríonn ár n-eagraíocht go héifeachtach. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas oibriú i dtreo na dtorthaí sa straitéis seo. Fágann sé sin nach mór dúinn díriú ar chúig phríomhréimse. Tugaimid 'áisitheoirí seachadta' orthu sin inár Ráiteas Straitéise, agus tá cuid de na bearta faoi gach ceannteideal san áireamh anseo:

## Ceannaireacht agus rialachas

Cuirfimid ceannaireacht agus treoir shoiléir ar fáil dár bhfoireann, dár bpiar-rialtóirí agus dóibh siúd a a rialaímid agus a dtacaímid leo. Cinnteoimid go gcloífimid leis na caighdeáin rialachais agus chuntasachta is airde.

## Daoine agus eagraíocht

Forbróimid timpeallacht fhorásach, shábháilte agus fháilteach a mheallann agus a choinníonn ár bhfoireann chumasach agus éagsúil, agus a thacaíonn le hinfheistíocht ina bhforbairt agus ina gcur chun cinn leanúnach.

## Próisis, córais agus sonraí

Déanfaimid infheistíocht i bpróisis agus i gcórais láidre agus shlána, agus déanfaimid iad a thógáil agus a oibriú. Cuirfimid bonn eolais faoinár gcur chuige trí úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:

- dea-chleachtas,
- sonraí, agus
- taighde.

Oibreoimid de réir ardchaighdeáin rialála agus rialachais inár gcuid oibre agus chun ár Straitéis a chur i gcrích.

## Cumarsáid

Cinnteoimid go bhfuil ár gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach soiléir agus comhsheasmhach.

## Inbhuanaitheacht

Cuirfimid an inbhuanaitheacht i gcroílár an chaoi a n-oibrímid agus a n-úsáidimid ár n-acmhainní. Tacóimid le cleachtas inbhuanaithe dóibh siúd a rialaímid.

---

Críochnaíonn ár Ráiteas Straitéise le míniú ar an gcaoi a ndéanfaimid monatóireacht, measúnú agus tuairisciú ar fheidhmíocht.

**Tuilleadh eolais**
Más mian leat tuilleadh sonraí a fháil, léigh an Ráiteas Straitéise iomlán ar ár suíomh gréasáin, www.cnam.ie.



# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Áras Shíol Bhroinn,**
**Bóthar Shíol Bhroinn,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**
**Éire.**
**Ríomhphost**: info@cnam.ie
**Suíomh gréasáin**: www.cnam.ie